Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cleachtas Ciorcail a Úsáid sa Seomra Ranga Chun Cultúr agus Timpeallacht Dhearfach a Chruthú



# Cleachtas Ciorcail a Úsáid sa Seomra Ranga

## Cúlra/Stair chiorcail

***Is traidisiún ársa é teacht le chéile i gciorcal a úsáideann pobail éagsúla ar fud an domhain nuair is gá labhairt agus réitigh a aimsiú. Bhailigh ár sinsir i gciorcail ar mhaithe le neart cúiseanna: timpeall ar thine an champa chun tóraíocht an lae a roinnt, nuair a bhí cinntí tábhachtacha le déanamh nó nuair a ba ghá coimhlintí a réiteach. I bhfocail eile, tá rud éigin nádúrtha faoin mbealach seo chun cruinniú a eagrú, ach ar chúiseanna éagsúla tá dearmad déanta ar sin ag muintir ár linne ar go leor bealaí nó tá cinneadh déanta gan cruinnithe a reáchtáil ar an mbealach seo.***

***"Using Restorative Circles in Schools" le Follestad and Wroldsen- leathanach 22***

**Leagann formáid an chiorcail béim ar CHROÍLUACHANNA amhail;**

- **Comhionannas**
- **Sábháilteacht**
- **Iontaobhas**
- **Freagracht**
- **Ceartas**
- **Daonlathas**



***Bíonn muintearas i gceist le bheith ag glacadh páirte i gciorcal. Sa chiorcal is féidir le gach duine gach duine eile a fheiceáil agus glacann siad sealanna ag labhairt, agus is féidir le gach duine an rud a deir gach duine a chloisteáil. Is mó an seans go mbeidh caidreamh dearfach sábháilte acu sin atá ag bualadh le chéile agus ag déanamh cumarsáide i gciorcal, agus bíonn atmaisféar síceasóisialta ann arb é aire chomhchoiteann an cur síos is fearr air - tuiscint ar 'sinne'.***

***"Using Restorative Circles in Schools" le Follestad agus Wroldsen - leathanach 22***

## Cén fáth a n-úsáidimid ciorcail?

- **Pobal a thógáil - mothú ceangailte, mothú muintearais**
- **Gach duine sa ghrúpa a dhéanamh rannpháirteach**
- **Úinéireacht roinnte a chur chun cinn**
- **Comhionannas a chur chun cinn**
- **Muinín a chothú**
- **Forbairt comhbhá a spreagadh**
- **Úsáid teanga mhothúchánach a chur chun cinn agus a chleachtadh**
- **Scileanna réitigh fadhbanna a fhorbairt**
- **Guth an scoláire a fhorbairt agus a chur chun cinn**

# Cleachtas Ciorcail a Úsáid sa Seomra Ranga

## Mír éisteachta

**Rud a chuirtear ó dhuine go duine i gciorcal chun comhroinnt phearsanta a éascú. Is féidir le rannpháirtithe a bhfuil an mhír éisteachta acu rogha a dhéanamh labhairt nó 'tharam' a rá go measúil.**
**Samplaí**

- **Bréagán bog**
- **mála pónairí**
- **mála lámhchleasaíochta**
- **rud éigin ón dúlra (buaircín, blaosc srl)**

**B'fhéidir go roghnódh páistí mír éisteachta dá gcuid féin a thabhairt isteach le roinnt leis an ngrúpa. Is féidir leat mír dhifriúil a roghnú gach uair a bhíonn ciorcal agat nó a iarraidh ar dhuine an mhír éisteachta a roghnú ó rudaí éagsúla. Is féidir míreanna éisteachta éagsúla a bhailiú agus a úsáid le haghaidh ciorcail.**

**Tabhair faoi deara le do thoil má úsáideann tú formáid an ghráin rósta d'fhéadfadh an mhír éisteachta gluaiseacht thart ar an gciorcal arís agus arís eile mar sin breithnigh cén mhír éisteachta is oiriúnaí dó seo.**

## Smaointe/ gníomhaíochtaí ciorcail malartacha

**Taispeáin agus inis: Tabhair cuireadh do na páistí rud éigin a thabhairt isteach chuig an gciorcal le taispeáint dá gcomhscoláirí**

- **Bréagán/ mír is fearr leo ón mbaile**
- **Píosa oibre a bhfuil siad bródúil as**
- **Rud éigin ón dúlra**
- **Leabhar is fearr leo**
- **Grianghraf a chiallaíonn rud éigin dóibh**



**Gníomhaíochtaí análú aireach**

**Éist agus déan machnamh ar phíosa ceoil**

**Scanadh coirp/ léirshamhlú treoraithe**

**Duine a Mholadh**

**Rithim a Bhualadh**

**Lean an ceannaire - Gluaiseachtaí a scáthánú**

# Cleachtas Ciorcail a Úsáid sa Seomra Ranga

## Roinnt úsáidí a bhíonn le ciorcail a úsáid

- ·Caidreamh a thógáil trí sheiceálacha-isteach / amach, "dul-timpeall", eispéiris a roinnt, tuairimí a iniúchadh, smaointe a mhalartú.
- Noirm a athneartú: ionchais, iompraíochtaí agus nósanna imeachta a phleanáil agus a phlé.
- Faisnéiseach/Acadúil: ábhar a iniúchadh, obair a mheas, spriocanna a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, aiseolas a thabhairt.
- Fadhbanna a réiteach: aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iompraíochta, machnamh a dhéanamh ar eachtraí, fadhbréiteach le grúpaí agus piaraí.
- Freagairt d'eachtra chun cneasú a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do gach duine atá rannpháirteach.

## Cineálacha ciorcail

- Ciorcail thart timpeall: i seicheamh, rannpháirtíocht ard, topaicí ginearálta, freagairt do leideanna, intreoracha
- Ciorcail Ghrán Rósta: gan a oiread struchtúir, gan aon ord ar leith, spreagtar rannpháirtíocht ach níl sé éigeantach, páirtithe leasmhara
- Ciorcail fadhbfhuascailte: struchtúrtha, foirmiúil, dírithe

## Nithe ar gá cuimhneamh orthu sna ciorcail

- Cruth: Smaoinigh ar an dóigh is fearr chun an timpeallacht fhisiciúil a úsáid inar féidir gach duine sa chiorcal a fheiceáil agus a chloisteáil. Nuair is indéanta, déan iarracht gan bac ar bith fisiceach a bheith idir na rannpháirtithe.
- Ullmhaigh: Topaicí/ábhar an chiorcail a bheith ullmhaithe roimh ré. Smaoinigh ar thopaic chur in aithne (cluiche / ceist) a bhféadfá tosú leis agus cur chuige srathach a úsáid maidir le do chuid cheisteanna do na babhtaí. Tosaigh le ceisteanna ísealoird go dtí go mbíonn muinín agus caidreamh dearfacha sa ghrúpa.
- Nósanna Imeachta: Mír éisteachta a thabhairt isteach agus mínigh nach féidir le duine labhairt ach amháin nuair a bhíonn an mhír éisteachta ina lámh agus go gcaithfidh gach duine eile éisteacht leis an duine atá ag labhairt. Mínigh/Cuir na bunrialacha i gcuimhne do gach rannpháirtí.
- Socraigh an cuspóir: Cuir fáilte roimh gach duine chuig an ngrúpa agus mínigh sprioc an ghrúpa. Cuir i gcuimhne do na rannpháirtithe gur féidir leo 'tharam' a rá más mian leo gan seal a fháil.
- Seiceáil isteach: Tosaigh le seiceáil isteach oscailte. Tosaitheoir abairte, focal sciobtha amháin
- Coinnigh fócas: Smaoinigh ar an sprioc agus cén fáth a bhfuil siad le chéile i gciorcal inniu. Roghnaigh an fhormáid chiorcail is oiriúnaí chun iniúchadh a dhéanamh.
- Seiceáil amach: Gabh buíochas le gach duine as a rannpháirtíocht. Críochnaigh le tosaitheoir abairte seiceáil amach.

# Cleachtas Ciorcail a Úsáid sa Seomra Ranga

## Forléargas ar Struchtúr an Chiorcail

**1. Seiceáil isteach**
- **Cinntíonn sé éisteacht mhaith**
- **Deis cumarsáid a dhéanamh agus eolas a fháil faoina chéile**
- **Caidreamh a fhorbairt**
- **Tá deis ag gach duine labhairt nó 'tharam' a rá**
- **Cinntíonn sé meon agus ullmhacht don fhoghlaim**
- **Ba chóir go mbeadh tús neamhbhagrach leis an seisiún**

**2. Meascthóir**
- **Grúpálacha a scaradh óna chéile agus péireálacha nua a chruthú**
- **Laghdaíonn sé imeaglú**
- **Cuidíonn sé le comhionannas an chiorcail**

**3. Gníomhaíocht fócais**
- **Pointe teagaisc**
- **Réiteach fadhbanna**
- **Ábhar nua a thabhairt isteach**

**4. Spreagthóir**
- **Fuinneamh a chruthú**
- **Daoine a chur ar a suaimhneas**
- **Spraoi a bheith acu agus naisc a iniúchadh**

**5. Seiceáil amach**
- **Deireadh glan leis an seisiún**
- **Deis don mhachnamh ar an bhfoghlaim**
- **Is féidir í a úsáid chun tuiscint/foghlaim a sheiceáil**

# Cleachtas Ciorcail a Úsáid sa Seomra Ranga

## Teimpléad Pleanála Ciorcal

Dáta: ___________

| | |
|---|---|
| Seiceáil isteach | Acmhainní |
| Meascthóir | Acmhainní |
| Príomhfhócas | Acmhainní |
| Spreagthóir | Acmhainní |
| Seiceáil amach | Acmhainní |

# Am Ciorcail - Tosaitheoirí Abairtí

# Cairdeas

- Is cara é duine a ....
- Tréith a bhíonn á lorg agam i gcara ....
- Rud is maith liom a dhéanamh le grúpa cairde....
- An saghas duine is fearr liom ....
- An saghas duine a mbeadh muinín agam as ....
- Bíonn meas agam ar chairde a ....
- Má loic cara orm....
- Is é an bealach a thaispeánaim do mo chairde go bhfuil fearg orm / go bhfuil mé cráite / go bhfuil mé trína chéile ....
- Bím ag gáire le mo chairde faoi ....
- Rud a dhéanann mo chairde a chuireann ag gáire mé....
- Is é an cineál iompair a mbeinn ag súil leis ó mo chairde....
- Is é an cineál iompair is fearr liom a fheiceáil ó mo chairde nuair a bhíonn muid amuigh....
- Má bhíonn easaontas idir mo chairde, déanaim iarracht iad a thabhairt ar ais le chéile trí ....
- Nós bearránach a chuirfeadh isteach orm ....
- Tagann cairde i dtír orm nuair a ....
- Tagaim i dtír ar mo chairde nuair a ....
- Bím meallta le mo chairde nuair a ...
- Chuir cairde iontas agus pléisiúr orm nuair a ....
- Is é an rud is fearr liom a dhéanamh le mo chara ....
- Is é seo an saghas cara mé....
- Bheinn i mo chara níos fearr dá mbeinn .....
- I gcuideachta mo chairde feicim mé féin den chuid is mó mar cheannaire / leantóir cionn mar....
- Ní chabhróinn le mo chairde dá ....
- Is é an rud is deacra faoi chara nua a dhéanamh ....
- Is é an rud is deacra faoi chairdeas nua a thosú....
- Le mo chairde feicim mé féin den chuid is mó mar dhuine a thugann uaim / a ghlacann chugam de bhrí go....
- Muna n-aontaím le mo chairde seo an rud a dhéanaim....
- Bíonn sé éasca/ deacair easaontú le mo chairde mar ....
- Rud amháin a chreidim a déarfadh mo chairde fúmsa ....
- Faighim cairde leis an rud a ba mhaith liomsa a dhéanamh trí ....
- San am atá caite mhothaigh mé gur fágadh amach mé nuair a ....
- San am atá caite d'fhág mé duine éigin amach nuair a ....
- Bíonn spraoi agam féin is ag mo chairde nuair a bhíonn ....
- Is maith liom féin is mo chairde a bheith ag imirt/ ag súgradh....

# Pobal

- Is é an duine is mó a bhfuil meas agam air ar scoil ....
- Is é an duine is mó a bhfuil meas agam air i mo phobal ....
- Is é an saghas duine a spreagann mé ....
- Is é an saghas duine a spreagann mé .... mar gheall ar ....
- Sa bhaile is é an saghas duine atá ionam ....
- Is é an saghas múinteoirí a bhfuil meas agam orthu....
- Rud amháin a ba mhaith liom a athrú faoin scoil seo ....
- Rud amháin a ba mhaith liom a athrú faoin rang seo ....
- Is é an rud is fearr faoin áit a bhfuil cónaí orm ....
- Is é an rud is measa faoin áit a bhfuil cónaí orm ....
- Rud amháin a ba mhaith liom a fheiceáil i mo phobal ....
- Cuidíonn na daoine i mo phobal le daoine eile nuair a ....
- Le mo chairde is é an saghas duine mé, duine ....
- Is é an t-ionad is maith liom cuairt a thabhairt air i mo phobal ....
- Is iad na ceiliúrthaí/ na himeachtaí is mó a thaitníonn liom i mo phobal ....
- Tugann mo phobal aire dár dtimpeallacht áitiúil nuair a ....
- Coinním mo cheantar glan nuair a ....
- Sílim go mbeadh áit níos fearr ag ár bpobal le maireachtáil ann dá mbeadh ...
- Cuidím le daoine i mo phobal nuair a....
- Is féidir linn a bheith sábháilte inár bpobal nuair a ....
- Ceiliúrann ár bpobal cultúir éagsúla nuair a ....
- Mothaím sábháilte i mo phobal nuair a ....
- Is iad na háiteanna is maith liom súgradh/imirt le mo chairde i mo phobal ....
- Grúpa i mo phobal a dtaitníonn sé liom a bheith i mo bhall de....
- Ba mhaith liom a bheith mar chuid den ghrúpa.... i mo phobal cionn is....
- Dá bhféadfainn maireachtáil áit éigin eile, roghnóinn.... mar gheall ar ....
- Dá mbeinn chun cur síos a dhéanamh ar mo phobal i dtrí fhocal seo iad ....
- Luaigh rud amháin a d'fhéadfaimis a dhéanamh le go mbeadh fáilte roimh dhaoine nua inár bpobal ....
- Is é an bealach is fearr chun cairde nua a dhéanamh i mo cheantar ....
- Má tá fadhb i mo phobal seo an rud a dhéanaimid chun í a réiteach .....
- Ba bhreá liom dá mbeadh níos mó ....ag mo phobal
- Cuidíonn mo phobal liom mothú go bhfuil mé sa bhaile nuair a ....
- Tacaím le mo phobal nuair a ....

# Teaghlach

- Is é an traidisiún teaghlaigh is fearr liom ....
- Bainim taitneamh as nuair a bhím féin is mo theaghlach....
- Is é an bealach a thaispeánaim do mo theaghlach go mbíonn fearg orm ....
- Rud a bhfuil meas agam air faoi mo mhamaí / mo dhaidí / duine fásta tábhachtach ....
- Am breá a chaith mé le mo theaghlach nuair a ....
- Bím ag gáire le mo mhamaí/ mo dhaidí/ duine fásta tábhachtach faoi ....
- Bím ag gáire le mo shiblín(í) faoi ....
- Is é an rud a bhfuil meas agam air faoi mo (shiblín) ....
- Is é an rud is mó a chuireann as dom faoi mo (shiblín) ....
- Tá mé an-bhródúil as ....
- Tá mé go maith / níl mé go maith i m’aonar nuair a ....
- Nuair a bhím i m'aonar is fearr liom a bheith ....
- Gníomhaíocht is maith liom a dhéanamh le mo theaghlach....
- Is é an ball teaghlaigh is mó ar mhaith liom is mé ....
- An rud is mó a ba mhaith liom go ndéanfadh mo thuismitheoirí / chaomhnóirí ....
- Nuair a bhím ag argóint le mo thuismitheoirí/ chaomhnóirí ....
- Nuair a bhím ag argóint le mo (shiblín) déanaim....
- Nuair a bhím ag argóint le mo thuismitheoirí/ caomhnóirí ....
- Rud a mbím ag brath ar mo theaghlach a dhéanamh dom ....
- Rud a chronóinn go mór faoi mo (shiblín)(thuismitheoir / chaomhnóir),....
- Tá daoine fásta de dhíth orm fós le haghaidh ....
- Cuidíonn mo shiblíní liom nuair a...
- Is féidir liom labhairt le .... nuair a bhíonn fadhb agam
- Seo mar is maith liom am a chaitheamh le mo ghaolta ....
- Seo rud amháin a mbeinn ag iarraidh níos mó de a dhéanamh le mo theaghlach ....
- Is é an rud is greannmhaire a tharla riamh do mo theaghlach ....
- Ba é an lá teaghlaigh amuigh is fearr a raibh agam riamh nuair a...
- Dá bhféadfaimis peata nua a fháil roghnóinn ....
- Is é an scannán is fearr ar bhreathnaigh mé air le mo theaghlach ...
- Is é an cluiche boird is fearr dár imir mé le mo theaghlach ....
- Clár/sraith ar breá liom agus le mo mhuintir a bheith ag breathnú air le chéile ....
- Braithim gur ball de mo theaghlach é .... mar gheall ar ....
- Is iad na trí fhocal a d'úsáidfinn chun cur síos a dhéanamh ar mo theaghlach....
- Am iontach a bhí agam le mo chol ceathracha/ sheantuismitheoirí/ aintíní/ uncailí....

# Féinfheasacht/ Eolas

- Bealach amháin a bhfuil mé difriúil le scoláirí eile ....
- Bealach amháin a bhfuil mé mar an gcéanna le scoláirí eile ....
- Corruair ní bhíonn a fhios agam conas ....
- Corruair ní bhíonn a fhios agam cén fáth ....
- Corruair ní bhíonn a fhios agam cé acu....
- Creidim i ....
- Rud atá tábhachtach domsa
- Tá súil agam a bheith cosúil le .... cionn is ....
- Tá imní orm faoi ....
- Nuair a chríochnóidh mé sa scoil seo tá súil agam go gcuimhneoidh daoine orm mar ....
- An cineál duine a bhfuil tionchar aige orm....
- Níl mé sásta liom féin nuair a....
- Uair amháin a bhí mé cróga ....
- Eagla a d'éirigh liom a shárú ....
- Eagla a ba mhaith liom a shárú ....
- Bíonn imní orm faoi ....
- Dá mbeinn i m'Uachtarán ar Éirinn seo an rud a dhéanfainn ....
- Dá bhféadfainn athrú amháin a dhéanamh ar an saol seo ba mhaith liom ....
- Rud a chuireann brón / áthas/ olc/ fearg orm....
- Rud nach bhfuil mé go maith fós aige....
- Rud atá bainte amach agam le déanaí ....
- Rud a d'fhoghlaim mé a dhéanamh le déanaí....
- Rud éigin a shílim a bheith maith faoi bheith i do pháiste ....
- Rud a ba mhaith liom a dhéanamh arís....
- Rud nach ndéanfaidh mé go deo arís ....
- Rud a sheachnaím a dhéanamh ....
- Nuair a dhéanann scoláirí botúin ba chóir do mhúinteoirí ....
- An cineál duine is mé i mo bharúil féin ....
- Rud a dhéanaim chun mé féin a shuaimhniú
- An dóigh a bhfuil mé uathúil ....
- Is é an cleas/bua is mian liom a léiriú do dhaoine eile ....
- Nuair a mhothaím faoi ghruaim tá a fhios agam gur féidir liom labhairt le ....
- An rud a dhéanaim chun ardú meanman a thabhairt dom féin
- Cuidíonn ........ liom mo chuid spriocanna a bhaint amach.

# Mothúcháin

- Inniu mothaím ....
- Mothaím .........fúm féin
- Mothaím .... faoi am ciorcail
- Mothaím.... faoin todhchaí
- Mothaím ... faoin scoil seo / faoi rialacha na scoile seo
- Mothaím ..... maidir leis an tsochaí
- Mothaím ... faoi dhaoine fásta/múinteoirí
- Mothaím go maith faoi ...
- Ní mhothaím go maith faoi ....
- Mothaím .... faoin gcuma atá orm
- Mothaím .... faoi chogadh/ síocháin/ goid/ bulaíocht/ truailliú/ foréigean/ an comhshaol
- Mothaím sona/ sásta nuair a ....
- Mothaím míshásta / feargach / go holc nuair a ....
- Am ar mhothaigh mé go raibh eagla orm ....
- Nuair a tháinig mé ar scoil den chéad uair mhothaigh mé ....
- Sular tháinig mé go dtí an scoil seo mhothaigh mé ....
- Nuair a bhíonn eispéiris nua/ gan choinne agam mothaím....
- Mothaím dóchasach nuair a ....
- Mothaím gan chumhacht nuair a....
- Mothaím éidreorach nuair a ....
- Mothaím uaigneach nuair a ....
- Cuireann ..... áthas / lúcháir / fearg / olc orm
- Tá mé paiseanta faoi ....
- Nuair a bhíonn cinntí le déanamh agam, mothaím ....
- Má dhéanaim botún, mothaím ....
- Má dhéanann duine éigin eile botún, mothaím ....
- Tá mé buartha faoi .....
- Bím bródúil asam féin nuair a ....
- Bím bródúil as mo chairde nuair a ....
- Nuair a éiríonn liom rud éigin a dhéanamh a bhí deacair agam roimhe seo, mothaím ....
- Nuair a roinneann duine scéal brónach liom mothaím ....
- Nuair a iarrann duine orm rún a choinneáil mothaím ....
- Nuair a iarrann duine orm cabhrú leo le rud éigin, mothaím ....
- Nuair a mholann duine mé, mothaím ....

# Rudaí is fearr liom

- An clár teilifíse is fearr liom ...
- An scannán is fearr liom ....
- An leabhar nó an scéal is fearr liom ....
- An cluiche ríomhaire is fearr liom ....
- An bia is fearr liom ....
- An béile is fearr liom ....
- An t-am den bhliain is fearr liom....
- An duine is fearr liom i mo theaghlach ....
- An ceol is ansa liom a chur ag dul....
- An t-am is fearr liom sa bhaile ....
- An t-am is fearr liom ar scoil ....
- An séasúr / an mhí is fearr liom .... cionn is ....
- An ríomhaire/ cluiche boird/ clóis is fearr liom a imirt ....
- An rud is fearr liom a dhéanamh le mo chairde ....
- An rud is fearr liom is liom féin ...
- An bréagán is fearr liom ....
- An áit is fearr liom i mo theach ...
- An áit is fearr liom dul ....
- An cineál aimsire is fearr liom ...
- An t-éadach is fearr liom a chaitheamh ....
- An bia beir leat is fearr liom ....
- An t-amhrán is fearr liom ....
- An t-ainmhí is fearr liom ....
- An rud is fearr liom a dhéanamh ar lá na coise tinne ....
- An t-ábhar is fearr liom ar scoil....
- An scéal grinn is fearr liom ....
- An carachtar is fearr liom ó leabhar/ clár/ cluiche ....
- An fhoireann/ imreoir spóirt is fearr liom....
- An blas uachtar reoite is fearr liom ....
- An caitheamh aimsire is fearr liom ....
- An rud is fearr liom a ól.....
- An ócáid/ ceiliúradh is fearr liom ....
- An t-imeacht scoile is fearr liom....
- An turas scoile ab ansa liom ....

# Mianta

- Ba mhian liom dá bhféadfainn ....
- Ba bhreá liom dá mbeadh mo chara ábalta...
- Ba bhreá liom dá mbeadh mo theaghlach ábalta ....
- Is é mo mhian don domhan ....
- Scil/ caitheamh aimsire a ba mhian liom a bheith agam ...
- Dá mbeadh trí mhian agam, ba mhaith liom ....
- Spórt a ba mhian liom a bheith in ann a imirt go gairmiúil....
- Áit ar mhaith liom cuairt a thabhairt uirthi ....
- Duine ar mhaith liom bualadh leis ....
- Nuair a bhí mé óg, ba ghnách liom guí go ....
- Anois an rud a ba mhaith liom a dhéanamh ....
- Nuair a fhásfaidh mé aníos, tá súil agam ....
- Ba bhreá liom dá bhféadfadh mo pheata ....
- Rud is mian liom do mo rang....
- Rud is mian liom don scoil seo ....
- Rud a ba bhreá liom a dhéanamh ....
- Ba bhreá liom dá ligfeadh mo thuismitheoirí dom ....
- Ba bhreá liom dá bhféadfainn labhairt go líofa i ....
- Ba bhreá liom dá ligfeadh mo mhúinteoir/ ár bpríomhoide dúinn ....
- Dá bhféadfainn dul siar san am, ba bhreá liom dá bhféadfainn cuairt a thabhairt ar....
- Sárchumhacht a ba mhian liom a bheith agam....
- Dá mbeinn chun bonn Oilimpeach a bhuachan, ba bhreá liom gur le haghaidh .... é
- Ba bhreá liom a bheith níos fearr ag .....
- Ba bhreá liom dá bhféadfainn a bheith i (scannán / seó teilifíse) ....
- Dá bhféadfainn comhrá a bheith agam le duine cáiliúil, ba bhreá liom labhairt le ....
- Ba bhreá liom dá mbeadh Éire  ....
- Ba bhreá liom dá mbeinn i mo chónaí ....
- Ba bhreá liom dá bhféadfainn a bheith mar....
- Sa todhchaí ba bhreá liom ....
- Dá mbuafainn an crannchur, ba bhreá liom dá mbeadh go leor airgid agam le...a cheannach.
- Dá mbeinn chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann i gcomórtas, ba mhaith liom gur don ... a bheadh ann
- Dá bhféadfainn béile amháin a ithe don chuid eile de mo shaol, ba bhreá liom dá mba ... é
- Ba bhreá liom cáil a bheith orm mar ....
- Ba mhaith liom dá ndéarfadh duine éigin liom ....

# Scileanna Pearsanta

- Bíonn dúil agam ionam féin nuair a ....
- Is beag an dúil a bhíonn agam ionam féin nuair a ....
- Sa bhaile tá mé go maith ag ....
- Ar scoil tá mé go maith ag ....
- I mo phobal tá mé go maith ag ....
- Is maith liom a bheith ag....
- Sa bhaile níl mé an-mhaith ag ....
- Ar scoil níl mé an-mhaith ag ....
- Ní maith liom a bheith ag....
- Rud is maith liom a dhéanamh ach nach bhfuil mé an-mhaith ina cheann ...
- Rud arbh éigean dom obair go crua lena fhoghlaim....
- Rud ar mhaith liom a fháil amach conas a dhéanamh....
- Bím ar mo dhícheall nuair a ....
- Cinneadh crua domsa ab ea é nuair a ....
- Sa bhaile, ba mhaith liom freagracht a ghlacadh as ....
- Ar scoil, ba mhaith liom freagracht a ghlacadh as ....
- An t-am ar tugadh freagracht dom .... agus rinne mé go han-mhaith é
- An t-am ar tugadh freagracht dom ... agus níor oibrigh sé amach/bhí an iomarca i gceist
- Rud a bhfuil mé bródúil as....
- Dá bhféadfainn an clog a chasadh siar chun rud éigin a athrú a rinne mé, seo an rud a bheadh ann...
- Le bheith níos fearr ag rud éigin caithfidh mé ....
- Rud nach bhfuil a fhios ag daoine eile a bhfuil mé maith aige ....
- Is é.... an duine a n-iarraim air cabhrú liom rudaí a fhoghlaim
- Rud a bhféadfainn cabhrú le daoine eile lena dhéanamh ..
- Thóg sé tamall fada orm foghlaim conas ....
- D'fhoghlaim mé go tapa conas .....
- Bheadh iontas ar dhaoine go bhfuil a fhios agam an dóigh chun ...a dhéanamh.
- Is maith liom a bheith ag obair le foireann / daoine eile cionn is ....
- Ní maith liom a bheith ag obair le foireann / daoine eile cionn is....
- Agus dúshlán romham, seo an rud a dhéanaim....
- An rud is cruthaithí a rinne mé riamh ....
- Tá mé cruthaitheach nuair a ....
- Dá bhfiafróinn de dhuine muinteartha/ cara liom cad iad na scileanna ar leith atá agam, sílim go ndéarfadh siad go bhfuil mé....
- Is é an rud is fearr a dhéanaim chun argóint a réiteach ...

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Spreagthaí chun Nasc a Chur Chun Cinn

**Liathróid Phatrún:**
Seasann grúpa beag scoláirí i gciorcal. Caitear liathróid ó dhuine amháin go dtí an duine eile sa chiorcal go dtí go mbeidh an liathróid faighte ag gach duine sa chiorcal babhta amháin. Níor cheart an liathróid a chur chuig aon duine níos mó ná uair amháin. Ní mór don ghrúpa cuimhneamh ansin agus an patrún a athdhéanamh. D'fhéadfaí dhá/trí liathróid a thabhairt isteach sa chiorcal nó d'fhéadfaí an patrún a athdhéanamh ar a mhalairt d'ord.
Acmhainní: Liathróid nó mála pónairí

**Seoladh Roicéad:**
Comhair cé mhéad duine atá sa seomra, tú féin san áireamh. Ina suí i gciorcal, comhaireann na páistí síos ón uimhir thosaigh. Is féidir le duine ar bith seasamh suas agus glaoch ar an gcéad uimhir eile, ach má sheasann beirt pháistí suas ag an am céanna, caithfear tús a chur leis an gcomhaireamh arís. Nuair a shroicheann tú 1, seasann na páistí go léir suas, ardaíonn siad a gcuid sciatháin agus béiceann, 'Ar aghaidh linn'.

**Siosarnach Seabhrán (nó Fizz / Buzz):**
Téigh thart ar an gciorcal ag comhaireamh in airde. Cuirtear 'siosarnach' in ionad uimhir ar bith atá inroinnte ar a trí, 'seabhrán' in ionad uimhir atá inroinnte ar a cúig agus aon uimhir atá inroinnte ag trí nó cúig cuirtear 'fizz buzz' ina ionad. Comhair suas agus féach cé chomh hard agus is féidir libh dul.

**Scáthán Scáthán:**
I mbeirteanna déanann dalta amháin gluaiseacht mhín éigin/ agus ní mór don pháiste eile an rud céanna a dhéanamh, a léiriú go beacht. Tar éis trí nó ceithre ghluaiseacht athraigh an ceannaire.

**An buidéal a chasadh:**
Glacann na daltaí seal chun an buidéal a chasadh. An té a bhfuil muineál an bhuidéil dírithe air nuair a stopann sé, deir sé rud amháin a thaitníonn go mór leis/ a bhfuil sé maith aige.
**Acmhainn:** Buidéal

**Oráistí agus Liomóidí:**
Tugtar ainmneacha torthaí éagsúla ar gach duine sa ghrúpa m.sh. Oráiste, Liomóid, Piorra. Ainmníonn an múinteoir é/í féin mar thoradh freisin. Ansin glaonn an múinteoir ar na torthaí a d'ainmnigh sé/sí féin. Caithfidh gach duine a bhfuil an t-ainm sin air suíocháin a mhalartú. Glacann an múinteoir suíochán freisin agus glaonn an duine atá fágtha ina sheasamh an chéad toradh eile. Is féidir aon chatagóir is rogha leat a úsáid don chluiche seo.

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Spreagthaí chun Nasc a Chur Chun Cinn

**Déan mar a iarrtar ort:**
Roinn an grúpa i ngrúpaí níos lú, roghnaigh dalta amháin mar ghlaoiteoir nó scairteoir. Bogann gach ball den ghrúpa timpeall an limistéir ainmnithe, ag bogadh de réir mar is mian leo. Nuair a bhuaileann an ceannaire a lámha, reonn siad go léir. Ansin glaonn an ceannaire dobhriathar m.sh. go sona, go feargach, go tógtha. Roghnaíonn daltaí gluaiseacht éigin ansin agus bogann siad de réir an dobhriathair. Athraigh an glaoiteoir agus an dobhriathar go rialta.
Tabhair cuireadh do gach grúpa mothúchán a roghnú lena chur in iúl trí ghluaiseacht, tabhair deis do na grúpaí eile buille faoi thuairim a thabhairt faoin mothúchán.

**Nasc Focal:** Tosaigh le 2 bhualadh bos agus abair focal bunaithe ar an téama, caithfidh an chéad dalta eile focal / frása a bhaineann leis an gcéad fhocal a rá, m.sh. Samhradh, bualadh bos, bualadh bos, solas na gréine, bualadh bos, bualadh bos, uachtar reoite...

**Oileáin ar snámh:** Cuir bileoga móra nuachtáin ar an urlár, seinn an ceol is fearr leis na daltaí, nuair a stopann an ceol cuireann na daltaí cosa ar an nuachtán. Bain páipéar tar éis gach babhta, oibríonn na daltaí le chéile chun cabhrú lena chéile chun cos a leagan ar an nuachtán.
**Acmhainní:** nuachtán

**Damhsa Ainmneacha:**
Déanann an grúpa ar fad ciorcal, tugann siad cuireadh do gach dalta a n-ainm a rá agus gluaiseacht dá rogha féin a dhéanamh chun a gcaitheamh aimsire a léiriú agus a n-ainm a rá. Tar éis do gach duine a n-ainm a rá agus a ngluaiseacht a chríochnú, déanann an grúpa ar fad an t-ainm a athrá agus déanann siad an ghluaiseacht. Lean ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go mbeidh deis ag gach duine a ainm a rá agus gluaiseacht a dhéanamh.
**Athruithe:**
Deir na daltaí a n-ainm agus léiríonn siad an chaoi a bhfuil siad ag mothú trí chruth a chur ar a gcorp.
Ciorcal ciúin: Déanann gach dalta cruth chun a n-ainm a léiriú agus déanann an grúpa an cruth freisin.

**Ná dúisigh an ______:** Cluiche iontach do pháistí níos óige. Cuir bréagán/puipéad bog i lár an chiorcail. Caithfidh na páistí iarracht a dhéanamh uirlis cheoil (cloigíní carr sleamhnáin, tambóirín, croiteoirí) a chur thart chomh ciúin agus is féidir leo gan an t-ainmhí a dhúiseacht i lár an chiorcail.
**Acmhainní:** Bréagán/puipéad bog, uirlis cheoil